Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riarann an Oifig sin, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €3.18 milliún inghéillte don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite díobh seo a leanas;

***(a) Ráiteas faoi shócmhainní caipitil: luacháil talún agus foirgneamh***

Leanann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí ag déanamh athbhreithniú ar mhodheolaíochtaí luachála ar thalamh agus ar fhoirgnimh agus lean siad caighdeáin chuntasaíochta na hearnála poiblí agus prótacail luachála arna dtáirgeadh ag an Royal Institution of Chartered Surveyors, a nglactar leo mar chaighdeán an tionscail in Éirinn, i Luacháil RICS – Caighdeáin Ghairmiúla Eanáir 2014. Tá na luachálacha faoi réir líon mórcháilíochtaí agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha i leith luach inréadaithe.

Cuirtear measúnuithe ar luach margaidh/luach infheistithe ar bhonn 'úsáid reatha' i bhfeidhm ar thalamh agus ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil comparáidí idir margaí ar fáil. Tá na meastacháin, i gcás cuid mhór den phunann, bunaithe ar ghnáthchostais tógála reatha agus luachanna barúlacha suímh. Rinneadh luacháil ar mhaoine gradaim le modh luachála an chostais athsholáthair. Luacháladh maoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith agus maoine a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith ag bunphraghas i dtosach. Ní áirítear Maoine Stairiúla Náisiúnta ná Séadchomharthaí Náisiúnta sa luacháil.

***(b) Luach tairsí i gcomhair sócmhainní caipitil***

Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) luach tairsí €300 i bhfeidhm dá Sócmhainní Caipitil i ngeall ar an méid mór míreanna gléasra agus trealaimh atá acu ar fud na tíre.

***(c) Dímheas***

Dímheastar sócmhainní gléasra agus innealra de réir méid chothroim feadh a saoil fhónta mheasta.

***(d) Íocaíochtaí léasa maoine***

Aithníonn an OPW íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí sa chás inar cuireadh ar fáil go sásúil iad, inar chuir an soláthraí isteach a chuntas agus inar tugadh an treoir íocaíocht a dhéanamh. I gcás socruithe leasa maoine, bíonn an cíos dlite agus iníoctha nuair a bhíonn an tseirbhís curtha ar fáil. Is ansin a bheidh an OPW sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. Baineann deacrachtaí dlí nó géilliúlachta, áfach, le hiallach a chur ar OPW an íocaíocht a chur de mhuirear ar an Vóta agus na cistí a aistriú go cuntas ar fionraí.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhraith go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo dhualgais i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun cliseadh suntasach ar rialú a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le m’fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Admhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go sonrach,

- Go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach.
- Go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán.
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Go gcinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas 1 chonradh dar luach €111,000 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Síníodh an conradh chun soláthar a dhéanamh le haghaidh riachtanais slándála. Tionólfar comórtas tairisceana in 2016 le haghaidh seirbhís slándála laghdaithe.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Clare McGrath**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

30 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil atá le cur i láthair Thithe an Oireachtas

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig na nOibreacha Poiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Lúnasa 2016

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Bainistíocht Riosca Tuilte | 87,815 | 75,324 | 69,647 |
| B | Bainistíocht Punann Eastáit | 309,559 | 314,752 | 311,361 |
| | **Ollchaiteachas** | **397,374** | **390,076** | **381,008** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithghabhálacha i gcabhair** | **27,526** | **30,408** | **27,227** |
| | **Glanchaiteachas** | **369,848** | **359,668** | **353,781** |

**Farasbarr le géilleadh**

Géillfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadas 2004, féadfar na leithreasaí ar fad gan chaitheamh nó cuid de na leithreasaí gan chaitheamh maidir le seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar cionn.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 10,179,584 | 364,690 |
| Forghéilleadh Iarchurtha | (7,000,000) | — |
| Farasbarr le géilleadh | 3,179,584 | 364,690 |

**Anailís ar na costais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 34,110 | 32,062 | 31,467 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,511 | 1,490 | 1,382 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 637 | 723 | 597 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,578 | 1,630 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,431 | 3,692 | 2,465 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,253 | 1,145 | 1,265 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 417 | 136 | 61 |
| | | 41,891 | 40,826 | 38,867 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 349,250 | 342,141 |
| Riarachán: pá | | 32,062 | 31,467 |
| Riarachán: neamhphá | | 8,764 | 7,400 |
| **Caiteachas Comhlán**[a] | | **390,076** | **381,008** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithghabhálacha i gcabhair** | | 30,408 | **27,227** |
| **Glanchaiteachas** | | **359,668** | **353,781** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (17,215) | | |
| Diúscairtí airgid[b] | 3,632 | | |
| Dímheas | 5,546 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí[c] | (146) | | |
| | | (8,183) | 3,000 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (689) | | |
| Méadú ar stoc | 34 | | |
| | | (655) | (2,955) |
| **Caiteachas Díreach** | | **350,830** | **353,826** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (seirbhísí comhghaolmhara)[d] | | (142,450) | (147,539) |
| Caiteachas ar sheirbhísí leis an OPW ag feidhmiú mar chliant[e] | | (107,608) | (103,334) |
| **Caiteachas Díreach** (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn OPW mar chliant) | | **100,772** | **102,953** |
| | | | |
| **Caiteachas a Caitheadh ar Rudaí Eile** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus liúntais scoir | | 19,145 | 18,378 |
| **Costas iomlán oibriúcháin**[f] | | **119,917** | **121,331** |

[a] Díorthaítear an figiúr seo ón olltoradh ar Vóta 13 amháin (€390.08 milliún) ach is ionann idirbhearta airgeadais iomlána OPW le linn 2015 agus €509.04 milliún, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.

[b] Ní áirítear le figiúr na ndiúscairtí airgid na fáltais ó dhíol maoine sa bhliain 2015, de luach €0.79 milliún nár cuireadh san áireamh i Leithghabhálacha i gCabhair ag deireadh na bliana

[c] Ní áirítear san fhigiúr um ghnóthachan ar dhiúscairtí gnóthachan €527,000 i nglanluach leabhair roinnt aonad maoine a díoladh in 2016.

[d] Áirítear anseo caiteachas caipitil €21.18 milliún.

[e] Laghdaíodh figiúr an chaiteachais dhírigh faoin tsuim €107.61 milliún, arb é glanchostas na seirbhísí é nuair a fheidhmíonn OPW mar chliant i dtabhairt faoi nó in urrú oibreacha thar ceann an Stáit (e.g. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil na maoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe, íocaíochtaí as Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath). Níl costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha OPW.

[f] Ní áirítear leis an bhfigiúr do chostas oibriúcháin suim le haghaidh íocaíochtaí ná ioncam barúlach.

- Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus €70.7 milliún. Meastar gurb ionann na measchíosanna atá iníoctha ag OPW agus €3.3 milliún.
- Níor áiríodh suimeanna leis an Ráiteas i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **3,233,556** | **3,222,162** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 33,405 | 27,672 |
| Stoic | 2.4 | 2,037 | 2,071 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 20,697 | 21,075 |
| Ioncam Fabhraithe | | 1,926 | 1,282 |
| Iarmhéideanna Eile Dochair | 2.6 | 600 | 3,558 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **58,665** | **55,658** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais Fhabhraithe | | 4,042 | 4,464 |
| Ioncam Iarchurtha | | 37 | 39 |
| Iarmhéideanna Creidmheasa Eile: | 2.7 | 26,576 | 30,866 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 7,429 | 364 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **38,084** | **35,733** |
| **Glandliteanais Reatha** | | **20,581** | **19,925** |
| **Glansócmhainní** | | **3,254,137** | **3,242,087** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **3,254,137** | **3,242,087** |

**2.1 Cuntas Maoiniú Stáit**

| | Nóta | €000 | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 3,242,087 | 3,050,367 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 369,848 | | |
| Iarchurtha agus le Tabhairt Suas | Cuntas | (7,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,180) | | |
| Glanvóta | | | 359,668 | 353,781 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 19,145 | 18,378 |
| Seirbhísí Gaolmhara | 1 | | (142,450) | (147,539) |
| Seirbhísí Cliaint | 1 | | (107,608) | (103,334) |
| Costas glan cláir | 1 | | (119,917) | (121,331) |
| Coigeartuithe[a] | | | 3,212 | 191,765 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **3,254,137** | **3,242,087** |

[a] Áirítear le coigeartuithe caipitliú caiteachais nach mbaineann leis an mbliain chuntasaíochta, seirbhísí gníomhaireachta arna gcaipitliú ag OPW agus gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Maoin Ghradaim | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán Trealamh | Oifige agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 1,052,168 | 2,150,073 | 41,604 | 26,943 | 21,875 | 3,292,663 |
| Breiseanna | — | 15,037 | 1,879 | 2,309 | 694 | 19,919 |
| Diúscairtí | — | (2,944) | (1,671) | (491) | (222) | (5,328) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 1,052,168 | 2,162,166 | 41,812 | 28,761 | 22,347 | 3,307,254 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | — | — | 33,149 | 22,659 | 14,693 | 70,501 |
| Dímheas don bhliain | — | — | 2,642 | 2,174 | 730 | 5,546 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (1,657) | (481) | (211) | (2,349) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | — | — | 34,134 | 24,352 | 15,212 | 73,698 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **1,052,168** | **2,162,166** | **7,678** | **4,409** | **7,135** | **3,233,556** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **1,052,168** | **2,150,073** | **8,455** | **4,284** | **7,182** | **3,222,162** |

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| An Banc Ceannais | 33,396 | 26,151 |
| Banc Tráchtála | 8 | 1,513 |
| Mionairgead | 9 | 11 |
| Orduithe gan íoc | (8) | (3) |
| | 33,405 | 27,672 |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 905 | 864 |
| Stoic iosta oidhreachta | 1,028 | 1,067 |
| Ábhair thógála | 68 | 77 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 10 | 12 |
| Stoic ilghnéitheacha | 26 | 51 |
| | 2,037 | 2,071 |

**2.5 Réamhíocaíochtaí**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Riarachán | 514 | 576 |
| Bainistíocht riosca tuilte | 2,083 | 767 |
| Bainistíocht Punann Eastáit | 18,100 | 19,732 |
| | 20,697 | 21,075 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Párolla ar fionraí | — | 1,219 |
| Cíosanna | — | 1,557 |
| Cuntas tógála scoileanna | 296 | 730 |
| Cuntais Chothabhála | 293 | 52 |
| Fuinneamh | 11 | — |
| | 600 | 3,558 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,042 | — |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 392 | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 897 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 679 | 554 |
| Cáin Bhreisluacha | 3,764 | 4,860 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 211 | 3 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 9 | — |
| Fáltais ó dhíol maoin Stáit | — | 677 |
| | 6,994 | 6,094 |
| Cuntais Oibreacha Éagsúla | 8,514 | 12,493 |
| Cuntais bhainistíochta maoine | 6,418 | 8,340 |
| Fáltais ó dhíol maoin Stáit | 785 | — |
| Scéim céatadáin le haghaidh ealaíne | 1,563 | 1,369 |
| Seirbhísí Troscáin | 317 | 1,299 |
| Oidhreacht | 1,119 | 820 |
| Cíosanna | 161 | — |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 430 | 276 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 275 | 175 |
| | 26,576 | 30,866 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 3,180 | 365 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 7,000 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,751) | (1) |
| Glandliteanas don Státchiste | 7,429 | 364 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 33,405 | 27,672 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 600 | 3,558 |
| | 34,005 | 31,230 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,994) | (6,094) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (19,582) | (24,772) |
| | (26,576) | (30,866) |
| | 7,429 | 364 |

**2.9 Ceangaltais**

| **(a) Ceangaltais dhomhanda** amhail an 31 Nollaig | **2015** **€000** | **2014** **€000** |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 2,103 | 2,111 |

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2015 i ndáil le cíos maoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí le haghaidh luathchríochnú de ghnáth. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €98 milliún in 2016 (2015: €94 milliún).

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2015 agus na ceangaltais atá le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil sa chás go raibh conarthaí infhorfheidhmithe le dlí i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2015.

| | **2015** **€000** | **2014** **€000** |
|---|---|---|
| Caiteachas | 84,754 | 101,549 |
| Ceangaltais le baint amach sna blianta ina dhiaidh sin (2016 – 2018) | 101,780 | 138,325 |

**(c) Mórthionscadail chaipitil**

Tabhaíodh caiteachas ar dhá mhórthionscadal dhéag i rith 2015 ina sáróidh costas measta iomlán an tionscadail ar leith €6.5 milliún Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| Tionscadal | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014 €000 | Caiteachas in 2015 €000 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina ndiaidh sin €000 | Caiteachas iomlán measta ar thionscadal 2015 €000 | Caiteachas iomlán measta ar thionscadal 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bainistíocht riosca tuilte** | | | | | |
| Mala Thuaidh | 19,709 | 92 | 2,917 | 22,718 | 22,718 |
| Mala Theas | 10,560 | 1,043 | 2,410 | 14,013 | 14,013 |
| Cluain Meala Thiar | 23,757 | 807 | 436 | 25,000 | 25,000 |
| Cluain Meala Thuaidh | 15,182 | 42 | 3,491 | 18,715 | 18,715 |
| Mainistir Fhear Maí Thuaidh | 8,024 | 171 | 1,702 | 9,897 | 9,897 |
| Mainistir Fhear Maí Theas | 19,642 | 463 | 9,412 | 29,517 | 29,517 |
| Abhainn na Dothra (taoidmhear) | 12,521 | 161 | 3,359 | 16,041 | 16,041 |
| Abhainn na Dothra (scéim srutha) | 3,343 | 2,891 | 2,791 | 9,025 | 9,025 |
| Inis Íochtarach | 14,844 | 1,270 | 2,531 | 18,645 | 18,645 |
| Bré | 15,190 | 12,444 | 18,366 | 46,000 | 46,000 |
| Port Láirge | 11,211 | 2,542 | 4,247 | 18,000 | 18,000 |
| Fo-iomlán | 153,983 | 21,926 | 51,662 | 227,571 | 227,571 |
| **Bainistíocht Punann Eastáit** | | | | | |
| Teach Knockmaun | — | 6,036 | 3,125 | 9,161 | — |
| | 153,983 | 27,962 | 54,787 | 236,732 | 227,571 |

**(d) Costais chaipitil tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014 €000 | Caiteachas in 2015 €000 | Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí le baint amach sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Iomlán Thionscadal 2015 €000 | Iomlán Thionscadal 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 112,287 | 27,502 | 140,439 | 280,228 | 280,228 |

Léiríonn an caiteachas in 2015 aisíocaíocht chostas caipitil na sócmhainne, gan costas maoinithe na comhpháirtíochta príobháidí poiblí san áireamh.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Bainistíocht Riosca Tuilte** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 7,123 | 7,124 | 6,665 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 2,068 | 2,367 | 1,598 |
| A.3. | Ceannach gléasra agus innealra | 1,950 | 1,902 | 821 |
| A.4. | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 936 | 700 | 1,001 |
| A.5. | Bainistíocht riosca tuilte | 61,284 | 48,369 | 43,537 |
| A.6. | Draenáil — cothabháil | 14,454 | 14,862 | 16,025 |
| | | **87,815** | **75,324** | **69,647** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €12.49 milliún níos lú ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 236 | Tháinig an coigilteas chun cinn mar gheall ar fholúntais foirne agus soláthar trealamh monatóireachta a bhaineann le CFRAM a chur ar athló. |
| Bainistíocht riosca tuilte | 12,915 | Bhí an coigilteas ann mar gheall ar amscálaí atá ag athrú maidir le hoibreacha tógála ar scéimeanna faoisimh tuilte a thabhairt chun cinn. Táthar ag súil go dtosóidh na hoibreacha seo in 2016. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Bainistíocht Punann Eastáit** | | | |
| B.1 | Riarachán – Pá | 26,987 | 24,938 | 24,802 |
| B.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 5,713 | 6,397 | 5,802 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | 824 | 798 | 771 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | 250 | 250 | 250 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 500 | 3,512 | 709 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 44,250 | 46,802 | 46,877 |
| B.7 | Cothabháil maoine agus soláthairtí | 55,190 | 57,382 | 55,675 |
| B.8 | Cíosanna | 86,064 | 87,081 | 94,302 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | 10,923 | 9,648 | 1,721 |
| B.10 | Íocaíochtaí Aonadacha | 41,200 | 39,916 | 43,208 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | 37,437 | 37,798 | 37,075 |
| B.12 | Seirbhísí foilsithe Rialtais | 221 | 230 | 169 |
| | | **309,559** | **314,752** | **311,361** |

Ó 2015 ar aghaidh is faoi B.9. a bhfuil cuntas á thabhairt i leith táillí seirbhíse. Ba faoi B.8. Cíosanna a thugtaí cuntas ina leith roimhe sin.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €5.19 milliún níos airde ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceannach láithreán agus foirgneamh | (3,012) | Tabhaíodh an infheistíocht bhreise ar fháil maoine nua a úsáideadh d'oifig na Roinne Coimirce Sóisialaí. |
| Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | (2,552) | Tabhaíodh an infheistíocht bhreise ar roinnt tionscadal agus clár. Maoiníodh an farasbarr trí vírmint ó choigilteas eile ar an Vóta. |
| Táillí seirbhíse agus fóntais | 1,275 | Tháinig na coigiltis chun cinn ó roinnt foinsí lena n-áirítear clár rathúil diúscartha maoine trína laghdaíodh caiteachas agus a raibh aisíocaíocht creidmheas mar thoradh air. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithghabhálacha i gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 3,040 | 3,813 | 3,943 |
| 2. | Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | 1,530 | 2,606 | 2,068 |
| 3. | Fáltais le haghaidh seirbhísí foilsithe Rialtais | 630 | 861 | 746 |
| 4. | Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 7,199 | 7,653 | 7,442 |
| 5. | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 1,250 | 1,114 | 935 |
| 6. | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 6,230 | 6,222 | 5,853 |
| 7. | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, srl. | 3,320 | 4,086 | 2,026 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 4,327 | 4,053 | 4,214 |
| | Iomlán | 27,526 | 30,408 | 27,227 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cíosanna, táillí ceadúnais srl. | (773) | Bhí an farasbarr ann mar gheall ar am lóisteálacha maidir le táillí ceadúnais. |
| Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | (1,076) | Bhí an farasbarr ann mar gheall ar níos mó gníomhaíocht ginte ioncaim i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus i gCaisleán Chill Chainnigh. |
| Fáltais le haghaidh seirbhísí foilsithe Rialtais | (231) | Bhí méadú ar fháltais mar gheall ar ioncam breise aon uaire ó fhógraíocht san Iris Oifigiúil. |
| Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | (454) | Bhí méadú ar fháltais mar gheall ar fháltais bhreise ón gCiste Árachais Shóisialta agus ó Tháillí Gníomhaireachta. |
| Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 136 | Baineann an gannchion sna fáltais le táillí lamháltais gan íoc ag deireadh na bliana. |
| Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, srl. | (766) | Bhí méadú ar fháltais ilghnéitheacha mar gheall ar dhíolachán maoin stáit. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 274 | Bhí an gannchion ann mar gheall ar mhéadú ar an tairseach bhliantúil díolúine d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | 0.2 |
| Fáltais ó dhíol mhaoin Stáit | — | 1.7 |
| Iarmhéideanna ar chuntais fionraí dhíomhaoine | 4.4 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (4.4) | (1.9) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na gcomhaltaí foirne** (coibhéisí lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 572 | 550 |
| Gráid Shonracha OPW | 976 | 1,015 |
| | 1,548 | 1,565 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 73,202 | 73,142 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 217 | 240 |
| Gráid Shonracha OPW | 430 | 453 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid státseirbhíse | 99 | 111 |
| Gráid shonracha OPW | 2,779 | 2,891 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha OPW | 2,195 | 2,153 |
| ÁSPC Fostóra | 6,528 | 6,515 |
| **Pá iomlán** | **85,450** | **85,505** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i gcláir fhotheidil A.1, A.4, A.5, A.6, B.1, B.3, B.7, agus B.11 agus áirítear ann pá do 394 comhalta foirne breise sealadach agus séasúrach i 2015 (2014: 490 comhalta foirne breise)

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2014 |
| | | | € | € |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 70 | 3 | 16,066 | 11,424 |
| Gráid Shonracha OPW | 733 | 1 | 18,252 | 17,041 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 29 | 1 | 16,164 | 12,022 |
| Gráid Shonracha OPW | 861 | 80 | 33,475 | 27,084 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid Shonracha OPW | 715 | 20 | 21,463 | 15,452 |
| **Líon na ndaoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 2 | 1 | 23,372 | 13,997 |
| Gráid Shonracha OPW | 849 | 122 | 34,150 | 32,375 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí**

B'ionann an méid ró-íocaíochtaí a tháinig chun cinn i 2015 agus €78,442 i ndáil le 71 cás aonair. Fuarthas €49,397 de seo ar ais. B'ionann an méid ró-íocaíochtaí a tháinig chun cinn in 2014 agus €48,529 i ndáil le 47 cás aonair agus as sin tá €40,521 aisghafa go dtí seo.

**5.3 Socruithe eile luacha shaothair**

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach ar scor a fhaigheann pinsin státseirbhíse ar bhonn táillí ag costas iomlán de €43,734.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Costais dlí**

| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an roinn | Costais dlí bronnta | Cúiteamh a bronnadh | Iomlán 2015 | Iomlán 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | | | | | | |
| Éilimh chun Díobháil Phearsanta a Ghnóthú a socraíodh in 2015 | 2 | — | — | 43 | 43 | 260 |
| Éilimh a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 4 | 69 | 62 | — | 131 | — |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Éilimh chun Díobháil Phearsanta a Ghnóthú a socraíodh in 2015 | 11 | 39 | 111 | 387 | 537 | 502 |
| Éilimh a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 13 | 56 | 126 | — | 182 | — |
| Éilimh i leith caillteanais nó damáiste a socraíodh in 2015 | 6 | — | — | 4 | 4 | 7 |
| **Eile** | | | | | | |
| Costas dlí maidir le breithiúnas Ard-Chúirte | 1 | — | 240 | — | 240 | 4,669 |
| Iomlán | | 164 | 539 | 434 | 1,137 | 5,438 |

**6.2 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarmhír nó am dliteanas féideartha neamhchinnte.

**6.3 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta**

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn siad caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Tá an maoiniú don chaiteachas seo curtha ar fáil do OPW ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an clianteagrais. B'ionann an caiteachas iomlán in 2015 agus €118.9 milliún. Ba iad na príomhréimsí caiteachais móroibreacha caipitil (€79 milliún), clár scoileanna (€6 milliún), oibreacha cothabhála (€3 milliún), léasú cóiríochta (€12 milliún), iasachtaí áitiúla (€5 milliún) agus bainistíocht maoine (€9 milliún).

Chomh maith leis sin, tugann an Oifig faoi róil shonracha nach meallann cistí vótáilte OPW a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, m.sh.. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta, roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, tabhairt faoi iniúchtaí ar rochtain uilíoch, tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú, a mheas, a fháil agus a thógáil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith, bainistíocht ealaíne laistigh den Stát agus díolachán maoine stáit.

**6.4 Ús agus Cúiteamh**

Rinne OPW íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh €17,741 ar an iomlán in 2015 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2014: €18,106). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OPW sa bhliain 2015 agus €385 milli ún, agus bhí 79,157 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

**6.5 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus d'Oifigí in 2015 (Fotheideal B8 Císosanna)**

| Ranna, srl. | 2015 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2015 Toradh | 2014 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Tithe an Oireachtas | 949 | 648 | 1,040 |
| An Taoiseach | 56 | — | 61 |
| An tArd-Aturnae | 75 | 94 | 82 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 605 | 624 | 663 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 1,227 | 1,016 | 1,344 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 672 | 658 | 736 |
| Airgeadas | 88 | 289 | 97 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 459 | 516 | 650 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 14,960 | 14,354 | 16,393 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 989 | 1,113 | 1,084 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,252 | 2,664 | 4,180 |
| An Oifig Luachála | 666 | 510 | 729 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 1,794 | 1,935 | 1,966 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 497 | 818 | 545 |
| An tOmbudsman | 993 | 1,056 | 1,088 |
| An Garda Síochána | 7,441 | 8,294 | 8,153 |
| Na Príosúin | 129 | 133 | 142 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 601 | 659 | 658 |
| Clárlann na Talún | 242 | 191 | 265 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 9,728 | 10,013 | 10,857 |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 660 | 350 | 724 |
| Oideachas agus Scileanna | 3,244 | 3,188 | 3,555 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 3,658 | 3,990 | 4,161 |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 3,244 | 3,531 | 3,554 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 2,231 | 2,304 | 2,444 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 3,499 | 3,275 | 3,833 |
| Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 5,197 | 5,641 | 5,695 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 1,777 | 1,885 | 1,837 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann[a] | — | — | 110 |
| Cosaint | 293 | 174 | 321 |
| Coimirce Shóisialach | 12,113 | 13,436 | 13,451 |
| Sláinte | 1,287 | 1,215 | 1,311 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte [a] | — | — | 99 |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 1,985 | 2,036 | 2,175 |
| An Oifig um Sholáthar Rialtais | 273 | 465 | 299 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas [b] | 180 | 6 | — |
| Iomlán | **86,064** | **87,081** | **94,302** |

[a] Tháinig deireadh in 2014 le Vóta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

[b] Cruthaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in 2015.